



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2017
(OR. en)

13099/17

COASI 164
ASIE 44
CFSP/PESC 862
POLGEN 131
COHOM 114
COHAFA 77
MIGR 199
JAI 893
CIVCOM 188
ASEM 3

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	16 Deireadh Fómhair 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	12917/17
Ábhar:	Maenmar/Burma - Conclúidí ón gComhairle (16 Deireadh Fómhair 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn conclúidí na Comhairle maidir le Maenmar/Burma, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3566ú cruinniú dá cuid, a reáchtáladh ar an 16 Deireadh Fómhair 2017.

Conclúidí ón gComhairle maidir le Maenmar/Burma

1. Tá an staid dhaonnúil agus staid chearta an duine i Stát Rakhine thar a bheith tromchúiseach. Is mór an chúis imní iad na tuairiscí go bhfuil coirloscadh, agus foréigean ar dhaoine, ar siúl agus go bhfuil sáruithe tromchúiseacha á ndéanamh ar chearta an duine, airm á scaoileadh as éadan, mianaigh le fáil ar talamh agus foréigean gnéasach nó foréigean inscne-bhunaithe ar siúl chomh maith. Níl aon ghlacadh leis seo agus caithfear deireadh a chur leis láithreach. Tá breis agus 500 000 duine, ar de phobal Rohingya a bhformhór, tar éis teitheadh as a dtithe ar thóir tearmainn sa Bhanglaidéis de bharr an fhoréigin agus le teann faitís. Léiriú follasach atá ann, agus an oiread sin daoine easáitithe chomh tapa sin, ar ghníomh chun mionlach a dhíbirt de bhun tola. Tá sé rithábhachtach, dá bhrí sin, go bhféadfadh na dídeanaithe filleadh go sábháilte agus le dínit. Tá srianta tromchúiseacha ar an gcúnamh daonnúil agus ar na meáin dul isteach i Stát Rakhine. Dá bhrí sin, ní féidir na riachtanais atá ann a mheas go hiomlán ná aghaidh a thabhairt orthu.
2. Tá iarrtha ag an Aontas ar gach taobh deireadh a chur láithreach leis an bhforéigean ar fad. Tá an tAontas ag tathant ar lucht míleata Mhaenmar/Burma deireadh a chur lena gcuid oibríochtaí agus a áirithiú go dtabharfar cosaint do na sibhialtaigh go léir, gan idirdhealú a dhéanamh eatarthu, agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a urramú ina iomláine. Tá an tAontas ag iarraidh ar rialtas Mhaenmar/Burma chomh maith aon bheart is gá a ghlacadh leis an teannas atá idir na pobail a mhaolú; rochtain iomlán, sábháilte, neamhchoinníollach dhaonnúil a thabhairt gan mhoill, lena n-áirítear rochtain do na Náisiún Aontaithe, do Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta; agus próiseas inchreidte, praiticiúil a bhunú le go mbeidh na daoine sin a theith as a gcuid tithe in ann filleadh go sábháilte, go deonach agus go díniteach ar a ndúiche féin. Tá dlús curtha ag an Aontas leis an tacaíocht dhaonnúil do dhídeanaithe Rohingya sa Bhanglaidéis agus tá sé faoi réir le cur lena chuid gníomhaíochtaí i Stát Rakhine ar mhaithe leo siúd ar fad atá i ngátar, a thúsce a chuirfear rochtain ar fáil.

3. Athdhearbhaíonn an tAontas gona Bhallstáit an tiomantas mór ar chuir siad béim air i Straitéis an Aontais maidir le Maenmar (Meitheamh 2016) tacú leis an aistriú daonlathach, leis an tsíocháin, leis an athmhuintearas náisiúnta agus le forbairt shocheacnamaíoch na tíre. Sa chomhthéacs sin, tá an tAontas faoi réir le tacú le rialtas Mhaenmar/Burma d'fhonn a áirithiú go ndéanfar moltaí an Choimisiúin maidir le Stát Rakhine a chur i bhfeidhm gan mhoill agus ina n-iomláine, lena n-airítear na moltaí sin a bhaineann le saincheist thábhachtach na saoránachta do phobal Rohingya, ar pobal iad atá gan stát. Is mór ag an Aontas gur bhunaigh an rialtas Coiste Idir-Aireachta leis na moltaí sin a chur chun feidhme.
4. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil an Comhairleoir Stáit tiomanta lucht sáraithe chearta an duine agus lucht déanta gníomhartha coiriúla eile a thabhairt os comhair cúirte, i gcomhréir leis an smacht reachta, ionas go seachnófar go mbeadh aon tsaoirse ó phionós ann; is díol sásaimh dó freisin an ráiteas a rinne an Comhairleoir Stáit ar an 19 Meán Fómhair nach údar inní do Mhaenmar/Burma grinnscrúdú idirnáisiúnta. Caithfear imscrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar líomhaintí inchreidte maidir le mí-úsáid chearta an duine agus le sáruithe tromchúiseacha orthu, lena n-áirítear ionsaithe brúidiúla ar leanaí. Sa chomhthéacs sin, tá an tAontas ag tathant ar Mhaenmar/Burma comhoibriú go huile agus go hiomlán le misean aimsithe fíricí neamhspleách na Comhairle um Chearta an Duine agus tá sé ag iarraidh ar Mhaenmar/Burma rochtain iomlán, shlán, a cheadú gan bhac gan mhoill. Is díol sásaimh don Aontas gur chuir Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine síneadh le gairid le sainordú an mhisin aimsithe fíricí.
5. Ina theannta sin, tá an tAontas ag moladh do Mhaenmar/Burma dul i mbun idirphlé le tíortha na comharsanacha, go háirithe leis an mBanglaidéis, maidir le réiteach a fháil ar na hábhair inní sin atá i gcoiteann ag an dá thaobh, go háirithe maidir le dídeanaithe a aisdúichiú go dtí a ndúiche féin, de mheon dhea-chaidreamh na gcomharsana. Is mór ag an Aontas an ról cuiditheach atá á imirt ag an mBanglaidéis i gcúinsí nach bhfuil éasca.

6. Ó tharla an lámh láidir á himirt go díréireach ag na fórsaí slándála, cuirfidh an tAontas gona Bhallstáit ar fionraí aon chuirí d’Ardcheannasaí Fhórsaí Armtha Mhaenmar/Burma agus d’ardoifígh mhíleata eile, agus déanfaidh siad athbhreithniú ar an gcomhar praiticiúil cosanta ina iomláine. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil tábhacht ag baint leis na bearta sriantacha sin dá chuid atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair agus arb éard atá iontu trádbhac ar airm agus ar threalamh a d’fhéadfaí a úsáid don bhrú faoi chois inmheánach. D’fhéadfadh sé go ndéanadh an Chomhairle a marana faoi bhearta eile a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm, mura dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí, ach tá sí faoi réir freisin le freagra cuí a thabhairt ar aon fhorbairt dhearfach a bheadh ann.
7. Is mór an chúis inní freisin staid dhaonnúil na ndaoine sin atá buailte ag an gcoinbhleacht i Stáit Kachin agus Shan, ina measc an 100 000 duine atá easáitithe ina dtír féin. Tá an-chiorrú déanta sa dá stát sin freisin ar an gcúnamh daonnúil agus tá an tAontas ag iarraidh ar rialtas Mhaenmar/Burma rochtain dhaonnúil a thabhairt an athuair do na pobail atá buailte sna limistéir sin.
8. Leanfaidh an tAontas air ag díriú ar na saincheistanna mórhábhachtacha seo agus ar na dúshláin uile atá ceangailte le próiseas an aistrithe dhaonlathaigh, faoi chuimsiú na rannpháirtíochta leanúnaí atá aige le rialtas Mhaenmar/Burma agus leis na fóraim idirnáisiúnta ábhartha go léir, go háirithe na Náisiúin Aontaithe. Tá rún ag an Aontas freisin an deis a thapú, ag an gcruinniú d’airí gnóthaí eachtracha ASEM atá le bheith ann go luath (Nay Pyi Taw, 20/21 Samhain 2017), dul i mbun rannpháirtíocht chuiditheach leis an rialtas, in imeall an chruinnithe, agus leanfaidh an tAontas air freisin ag idirchaidreamh leis na comhpháirtithe uile de chuid na hÁise i ndáil leis seo. Tá an tAontas ag tathant ar a chomhpháirtithe uile i gComhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (AESAN) agus sa réigiún máguaird páirt a ghlacadh sa phróiseas seo.